


# An Cheolchoirm

Tamall ó shin **dúirt an** máistir go mbeadh ceolchoirm sa scoil roimh an Nollaig. Thosaigh na ranganna go léir ag ullmhú don oíche mhór. Scríobh an máistir **dráma greannmhar.** Bhí a lán de na páistí **páirteach** sa dráma. Bhí Liam ina sheanfhear agus b'éigean dó **seanbhalcaisí** a fháil sa bhaile. Chaith sé **féasóg bhréige** freisin. Nuair a tháinig an oíche bhí an halla lán go béal cé go raibh an aimsir go dona. Tuismitheoirí agus **gaolta** na bpáistí is mó a bhí i láthair. Ag a hocht a chlog shiúil an máistir amach ar an ardán. **D'fhógair** sé go mbeadh an cheolchoirm ag tosú. Ar dtús chan na naíonáin amhráin agus fuair siad bualadh bos mór. Bhí ar Thomás **aithriseoireacht** a dhéanamh ansin. Rinne sé dearmad de na línte agus thosaigh gach éinne ag gáire. Thaitin an dráma go mór leis an slua. Bhí siad **sna trithí** ag gáire lena linn. Ba bheag nár **phléasc siad** ar fad nuair a thit Liam den ardán uair amháin. Tar éis an dráma bhí **idirlinn** ar feadh deich noiméad. Chuaigh na páistí **mórthimpeall** ag díol ticéad don **chrannchur.** Don dara leath bhí go leor rudaí ar an gclár. Tháinig na **rinceoirí** amach agus rinne siad **cor ochtar.** Mheas gach éinne gur fhéach na rinceoirí go hálainn agus na **cultacha** deasa orthu. Rinne Nóra **cornphíopa ina haonar** agus fuair sise bualadh bos mór freisin. Thóg Gearóid an **giotár** leis agus chas sé pop-amhrán. Ar deireadh bhí an crannchur acu agus bhuaigh Mamaí bosca brioscaí. Ansin tháinig an sagart paróiste ar an ardán. Ghabh sé buíochas leis na múinteoirí agus leis na páistí agus leis na tuismitheoirí. Sheas gach éinne agus chan siad "Amhrán na bhFiann". Dúnadh na **cuirtíní** ansin agus chuaigh gach éinne abhaile.

### Samhailteacha:

Chomh buí le cos lachan.
Chomh crosta le mála easóga.
Chomh dúr le hasal.
Chomh glórach le cearc goir.
Chomh dána le muc.
Chomh cam le hadharc reithe.

### A. Foclóir

**dráma greannmhar,** comedy
**d'fhógair sé,** he announced
**aithriseoireacht,** recitation
**sna trithí,** in stitches (laughter)
**idirlinn,** interval

### B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cathain a bhí an cheolchoirm ar siúl?
   — le linn na laethanta saoire.
   — le linn na Nollag.
   — roimh an Nollaig.
   — tar éis na Nollag.

2. Cén t-am a thosaigh an cheolchoirm?
   — tar éis an tae.
   — go luath ar maidin.
   — ag a hocht a chlog.

3. Cén fáth ar thosaigh na daoine ag gáire faoi Thomás?
   — Rinne sé dearmad de na línte.
   — Thit sé den ardán.
   — Chan sé amhrán.

### C. Críochnaigh na habairtí seo a leanas:

1. Scríobh an máistir - -.
2. Tuismitheoirí agus gaolta na bpáistí is mó a bhí - -.
3. Ag a hocht a chlog shiúil an máistir amach - - -.
4. Tar éis an dráma bhí idirlinn ar - - -.
5. Sheas gach éinne agus chan siad - - - .

### D. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:

1. Fuair sé na sean-bhalcaisí sa bhaile.
2. D'fhógair an máistir go mbeadh an cheolchoirm ag tosú.
3. Rinne sé aithriseoireacht.
4. Mar thit Liam den ardán.
5. Bhí siad ag díol ticéad don chrannchur.

### E. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén pháirt a bhí ag Liam sa dráma?
2. Cá bhfios duit go raibh suim mhór ag na daoine sa cheolchoirm?
3. Cé bhí i láthair?
4. Cá bhfios duit gur thaitin an dráma leis an slua?
5. Cén fáth ar dhíol na páistí na ticéid?
6. Cad a rinne Nóra an oíche sin?
7. Cé bhuaigh an crannchur?

### Gramadach 10

1. "Rinne Nóra cornphíopa ina haonar"
   (mise, tusa, ise, eisean, sinne, sibhse, iadsan).
2. "Ba bheag nár **phléasc siad** (nuair a thit Liam den ardán.)"
   Buaigh/an crannchur, bris/an fhuinneog,
   éalaigh/as an teach.